

# ❖ An Lúibín ❖

23 Nollaig 2023

## Múineadh na Gaeilge

*The teaching of Irish in Irish mainstream schools is still beset by problems; even good teachers are hindered by the curriculum.*

Tá a fhios againn conas teanga iasachta (agus is teanga iasachta í an Ghaeilge ag formhór mhuintir na hÉireann) a mhúineadh go torthúil agus go fónta. Mar seo, a bheag nó a mhór. Cúpla rang sa tseachtain (ní leor ceann amháin); deis a thabhairt do na daltaí an teanga a labhairt ó thús; cúpla ábhar eile a mhúineadh tríd an teanga; teacht éasca a bheith ar mhúinteoirí lánlíofa; teacht éasca a bheith ag na múinteoirí ar cibé áiseanna múinteoireachta atá ag teastáil sa teanga.

Is léir ón méid sin thuas nach ionann teangacha agus ábhair scoile eile; tá gá le níos mó ama agus ullmhaithe.

Is annamh a mhúintear teanga ar bith ar an dóigh úd, agus is iad na daltaí atá thíos leis. Ní hannamh a deirtear go bhfuil scoileanna lán-Bhéarla na hÉireann ag marú na Gaeilge dá réir. Tá cúiseanna leis: curaclam righin; múinteoirí gan líofacht agus gan eolas acu ar phrionsabail na foghraíochta; leisce ar an Roinn athrú bunúsach a dhéanamh. Tá múinteoirí maithe ann ach tá an córas ina n-aghaidh.

Ní gá dúinn a bheith ag brath ar fhianaise béil amháin. Deir tuarascáil a bhaineann leis an tsraith taighde náisiúnta Children's School Lives nach mbíonn suim sa Ghaeilge ach ag 42% de dhaltí i scoileanna lán-Bhéarla agus rang a ceathair bainte amach acu.<sup>1</sup> Deirtear chomh maith go gcuireann múineadh na Gaeilge mearbhall ar os cionn leath na ndaltaí. Dúirt formhór na bpáistí nach bhfuil taithe acu ar na focail agus na fuaimeanna agus nach bhfuil a ndóthain cabhrach le fáil acu. Dúirt 58% i rang a cúig gur chuir an Ghaeilge leadrán orthu – níos measa ná an matamaitic, ábhar a bhain an misneach de mhórán daltaí riamh.

Is beag an t-ionadh é gur tuairim eile atá ag daltaí gaelscoile, fiú má bhí an Ghaeilge deacair sna blianta luatha. Bhí siad mórtasach as líofacht a bhaint amach agus ba dhóigh leo gur theanga áisiúil acu feasta í.

De réir tuarascála eile, dúirt 75% de mhúinteoirí gur bhain siad aoibhneas as Gaeilge a mhúineadh. Ní mór dúinn a chuimhneamh, áfach, nach ionann aoibhneas agus éifeacht, agus nach dóichí scéal de go bhfuil claonadh ag múinteoirí chun meas ró-ard a bheith acu ar a líofacht féin.

Rachadh sé chun sochair don teanga ar fud an domhain toradh fónta a bheith ar mhúineadh na Gaeilge in Éirinn. Ní dócha, faraor, go mbeidh an toradh sin ann. Tá athbhláthú na Gaeilge ag brath i bhfad ró-mhór ar na scoileanna lán-Ghaeilge. Ní beag an tairbhe atá ag roinnt leo, ach is léir anois nach mór an fonn atá ar an Roinn a leithéidí a chur chun cinn, cé gurb é leas na teanga é.



Agus anseo: 'Lip service' - gearrscannán clúiteach greannmhar faoi scrúdú Gaeilge.

<https://www.youtube.com/watch?v=4QP0eEhhTSo&t=4s>



---

<sup>1</sup> Curriculum and Assessment in Children's School Lives: Experiences from Primary Schools in Ireland 2019-2023: féach <https://tuairisc.ie/cuireann-an-ghaeilge-mearbhall-agus-leadrán-ar-dhaltai-bunscoile-taighde-nua/>

## Seacht

*The word 'seven,' aside from its purely numerical function, has unusual significance in Irish as an intensifier and metaphor.*

Ní gá ach téacsanna Gaeltachta agus foclóir Uí Dhónaill a léamh (nó caint na seanfhundúirí a chloisteáil) chun a thuiscint go bhfuil feidhm leathan leis an bhfocal 'seacht'. Mar uimhir bhí brí shiombalach leis riamh ar fud an domhain i dtaca le saintréitheacht, reiligiún agus cultúr (is minic a bhaintear feidhm as sna scríoptúir, mar shampla). I scéalaíocht na hÉireann tá seacht méar ar gach lámh Chú Chulainn, seacht méar ar gach cos, seacht mac imrisc i ngach súil. Is uimhir é an seacht a bhfuil feidhm ar leith leis i mbunoibriú na hintinne.

Cinnté, is féidir leat seacht gcát a bheith agat, ach feidhmíonn an seacht chomh maith mar aidiacht threise agus mar mheafar. Déarfá 'Go mba seacht bhfearr a bheidh sibh bliain ó inniu,' nó 'Tá do sheacht ndóthain le déanamh agat cheana féin,' nó 'Rinne siad a seacht ndícheall leis'.

Tá a lán samplaí eile ann:

Tá na seacht n-aithne agam uirthi (*tá aithne an-mhaith agam uirthi*).

Mo sheacht mbeannacht ort! (*molaim go mór thú!*)

Fuair mé na seacht mbás le pianta i mo ghoile.

Le cuimhne na seacht nduine, na seacht sinsear (*riamh anall, leis na cianta cairbreacha*).

Tá seacht gcúraimí an tsaol uirthi (*tá an oiread sin le déanamh aici*).

Chuir sí na seacht ndathanna di féin (*d'athraigh a lí arís agus arís*).

Tá a seacht ndóthain le rá acu (*tá an iomarca cainte acu*).

Tá seacht ngalair an tsléibhe uirthi (*tá gach galar dá bhfuil ann uirthi*).

Ní thabharfá do sheacht mallacht air (*ní fiú dada é*).

Tá mo sheacht sáith agam (*tá mo dhóthain go maith agam*).

Chuir sí na seacht seachaint orm (*is minic a dúirt sí liom a bheith cúramach*).

Mo sheacht sinsear (*mo shinsir ó thúis an tsaol*).

Lá na seacht síon (*lá an-gharbh*).

Tá na seacht dteangacha aici (*tá sí ilteangach*).



## Fraincis Québec – ó neart go neart

*It has been claimed that English is gaining ground in Quebec at the expense of French. Not so, according to recent research.*

Tá daoine ann i gcónaí agus iad ag tuar bhás na Fraincise in Québec. Níl Calvin Veltman orthu sin - sean-socheolaí, déimeagrafaí agus sochtheangeolaí in Université du Québec à Montréal. Deir sé go bhfuil idir 20% agus 80% de na daoine a chuireann fúthu in Québec ag iompú ar an bhFraincis. Tháinig seo, mórán, de 'Bhille 101,' dlí a tháinig i bhfeidhm sna 1970idí agus é de chuspóir aige cainteoirí Fraincise a dhéanamh de dhaoine nach raibh Béarla ná Fraincis acu ag teacht i dtír dóibh, trí thabhairt ar chlann na n-inimircigh freastal ar scoileanna Fraincise. Deir Veltman nach bhfuil sé réadúil a bheith ag súil go n-iompódh an 25% eile, na hinimircigh a bhfuil Béarla acu, ar an bhFraincis.

Tá sochaitheangeolaíthe ann a bhfuil a mhalairt de thuairim acu, go háirithe Charles Castonguay, staitisticéoir a deir in *Le français en chute libre* (2020) go bhfuil an Béarla ag dul ó neart go neart in Québec agus gurb í an Fhraincis atá thíos leis. Ach cuireann Veltman in iúl gurb í an Fhraincis a bhíonn á labhairt sa bhaile ag formhór na gcainteoirí Fraincise úd a d'iompaigh ar an mBéarla mar a bpríomhtheanga: 'Lorsqu'on considère la croissance de l'anglicisation de 2001 à 2016, il n'est question d'unilinguisme que dans 17,3% des cas'.

De réir dhaonáireamh 2021, tá Fraincis ina teanga dhúchais ag beagnach níos mó ná sé mhilliún duine in Québec, mar theanga aonair nó in éineacht le teanga eile. Sin 77% de dhaonra an chúige, agus deir 93% den daonra sin go dtig leo comhrá a dhéanamh i bhFraincis.

Tá bunús Fhraincis Québec le fáil i bhFraincis Pháras mar a bhí sí san 18ú haois, cé gur fhág cineálacha réigiúnacha Fraincise a rian uirthi chomh maith. Tháinig athrú uirthi le himeacht aimsire de réir na timpeallachta agus, go háirithe, de réir thionchar an Bhéarla.

Deirtear go bhfuil dhá dhearcadh ann ar úsáid na Fraincise in Québec. De réir dearcadh amháin, ba chóir cloí le Fraincis na Fraince féin agus diúltú do leaganacha réigiúnacha. De réir an dearcadh eile, ba chóir an bhéim a chur ar an gcineál Fraincise a bhaineann le Québec féin. I ndáiríre, caithfear comhréiteach a dhéanamh idir úsáid na cainte áitiúla agus úsáid na Fraincise idirnáisiúnta. Fághtar an obair sin faoi L'Office québécois de la langue française (Oifig na Fraincise in Québec). Is iad an dá fhoilseachán is mó atá aici *La Banque de dépannage linguistique* (Banc Fhuascailt na bhFadhbanna Teanga) agus *Le Grand dictionnaire terminologique* (Foclóir Mór na Téarmaíochta), foilseachán a thugann treoir i gcúrsaí léacsacha, gramadaí, clóghrafaíochta agus foghraíochta. Déanann an Oifig obair mhór ag cumadh focail nua chomh maith.

- <https://montrealgazette.com/opinion/columnists/hanes-francization-of-immigrants-a-great-success-sociolinguist-says>
- <https://www.iheartradio.ca/cjad/audio/is-french-really-in-trouble-in-quebec-1.17621837>
- <https://journalmetro.com/societe/vivre-ensemble/2851226/les-francophones-sanglicisent-ils-vraiment-au-quebec/>
- [https://fr.wikipedia.org/wiki/Fran%C3%A7ais\\_qu%C3%A9bécois](https://fr.wikipedia.org/wiki/Fran%C3%A7ais_qu%C3%A9bécois)



### Teachtairacht agus breith

*The Annunciation and the birth of Jesus are based on a view of Israel as precursor. A prophecy made, a prophecy fulfilled. The extracts below are from the Biobla Naomhtha, the first Bible in Irish. (The New Testament was translated in the 16th century.)*

Chuir na Soiscéalaithe rompu (Lúcas sa chás seo) a thaispeáint gur eascair teacht Chríost go nádúrtha ón saol Giúdach – saol n déantar cuntas air ar fud na Soiscéalta agus a réamhfhóiríonn an Slánaitheoir. Tuigtear gur cuid de stair Iosrael í breith an Linbh, agus gurb í toil Dé atá á stiúradh.

Tá dlúthbhaint ag Muire leis an scéal, ar ndóigh; Lúcas agus Matha is mó a luann í, go háirithe Lúcas. Is í an Eaglais Chaitliceach is mó a thugann ómós di i measc na n-eaglaisí éagsúla. Is díol spéise é go bhfuil ardmheas ag Muslamaigh uirthi chomh maith, mar atá acu ar Íosa féin agus é áirithe ar na fáithe móra.

Seo thíos sleachta as Lúcas 2, Caibidil I agus II, agus iad tógtha ón mBíobla Naomhtha. Thosaigh Níoclás Breatnach, Easpag Osraí, ag cur Gaeilge ar an Tiomna Nua sa 16ú haois, ach fuair sé bás in 1585, agus lean daoine eile den obair; cuireadh i gcló é in 1601 agus in athchló in 1681. Foilsíodh an Bíobla Naomhtha go léir, idir Shean agus Nua, in 1690, agus foilsíodh eagrán eile in 1831. As an eagrán sin a tarraingíodh na sleachta thíos (le litriú nuachóirithe). Sampla suimiúil iad de phrós Gaeilge an 16ú haois. Tá an tabharthach mar fhoirm bheo sa Ghaeilge seo, idir uatha agus iolra; féach an fhoirm *-(a)ibh* san iolra.



Teachtairacht an Aingil (Leonardo da Vinci)  
Wikimedia Commons

## Lúcas 2, Caibidil I

26 Agus insa séú mí, do cuireadh an t-aingeal Gabríel ó Dhía go cathraigh<sup>2</sup> den Ghalilé, darb ainm Násaret, 27 d'ionsaí<sup>3</sup> óighe ar a raibh ceart ag fear de theach Dháibhí, dar ainm Ióseph; agus dob é dob ainm don óigh, Muire. 28 Agus ar ndul isteach dá hionsaí don aingeal, dúirt sé, Dia do bheatha, a ógh ró-ghrásúil: tá an Tiarna maille leat: is beannaithe thú idir na mnáibh. 29 Agus an tan<sup>4</sup> do chonaic sí é, do bhí sí arna buaireadh<sup>5</sup> faoina bhriathraibh, agus do bhí sí ag smaoineamh céard an ghné bheannaithe seo. 30 Agus dúirt an t-aingeal léi, Ná bíodh eagla ort, a Mhuire: óir fuair tú grása ó Dhia. 31 Agus, féach, beidh tú torrach id' bhroinn, agus béarfaidh tú mac, agus tabharfaidh tú ÍOSA d'ainm air. 32 Beidh sé mór, agus gairfear Mac an té is Airde de: agus tabharfaidh an Tiarna Dia cathair Dháibhí (cathair a athar féin) dó. 33 Agus beidh sé ina rí ar theach Iácob go bráth; agus ní bheidh deireadh ar a ríocht. 34 Agus dúirt Muire leis an aingeal, Conas a bheas seo, óir níl fios fir agamsa? 35 Agus ar bhfreagra don aingeal, dúirt sé léi, Tuirlingeoigh an Spiorad Naomh ort, agus folódh cumhacht an té is Airde thú: uime sin an ní naofa a bhéarfaidh tú gairfear Mac Dé de. 36 Agus, féach, Elisabet do shiúr, tá sise leis torrach ar mhac ina hársaíocht: agus is sé seo an séú mí don mhnaoi úd, dá ngairtear bean aimrid. 37 Óir ní bíonn ní ar bith dodhéanta do Dhia. 38 Agus dúirt Muire, Féach banóglach an Tiarna; teagmhálfaidh domsa de réir do bhriathairse. Agus d'imigh an t-aingeal uaithi.

## Lúcas 2, Caibidil II

1 Agus tharla ann sna laethaibh sin, go ndeachaigh aithne ó Shéasar Augustus, an domhan uile do mheas, 2 (Ag so an céad mheas do rinneadh an tan do bhí Sirénus ina uachtarán ar Shíria.) 3 Agus do chuadar eile á meas, gach aon faoi leith dá chathraigh féin, 4 Agus do chuaidh Ióseph mar an gcéanna suas ón Ghalilé, as an gcathraigh Nasarét, go tír Iúdaí, go cathraigh Dháibhí, dá ngairtear Bétleem; do bhrí go raibh sé de theach agus de shliocht Dháibhí: 5 Ionas go measfaí é maille le Muire do bhí arna ceangal leis mar mhnaoi<sup>6</sup>, ar mbeith di torrach. 6 Agus tharla, ar mbeith dóibh ansin, go dtángadar laetha a hionú-sa. 7 Agus rug sí mac, a céad duine clainne, agus do chuir sí giobail cheangail ina thimpeall, agus do chuir sí ina lúí i mainséar é; do bhrí nach raibh áit acu sa teach ósta. 8 Agus do bhí aoirí sa dúiche sin ina gcónaí amuigh, agus ag déanamh faire oíche ar a dtréad. 9 Agus, féach, do sheas aingeal an Tiarna láimh leo, agus do shoilsigh glóir an Tiarna ina dtimpeall: agus do ghabh eagla mhór iad. 10 Agus dúirt an t-aingeal leo, Ná bíodh eagla oraibh: óir, féach, táim ag soiscéalú díbh gairdeachas mór, noch<sup>7</sup> bhíos do gach uile phobal. 11 Óir rugadh an Slánaitheoir daoibh inniu (eadhon Críost an Tiarna,) i gcathraigh Dháibhí. 12 Agus ag so comhartha díbh; Do gheobhaidh sibh an leanbh ceangailte i ngioblaibh, ina lúí i mainséar. 13 Agus do bhí go tobann cuideachta mhór de shlua neamhaí i bhfochair an aingil ag moladh Dé, agus ag rá, 14 Glóir do Dhía ann sna hardaibh, agus síocháin ar an dtalamh, dea-thoil do na daoibh.

## Guímid beannachtaí na Nollag ort.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

<sup>2</sup> Cathair (*cathraigh* an fhoirm thabharthach)

<sup>3</sup> Chun

<sup>4</sup> Nuair

<sup>5</sup> Bhí sí buartha

<sup>6</sup> Bean (*mnaoi* an fhoirm thabharthach)

<sup>7</sup> A (bhíos) – ní hionann *noch* agus *nach*.

**Dánta** le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

### **Cóstaí**

Chualamar  
go raibh nithe gan feiceáil fós  
ar chóstaí na cruinne  
(iontais nó uafáis  
earraí nár den saol seo iad)

is ghabhamar ann lena scrúdú  
le súil a bhí saor ó sheachmall  
ach bhí na sráideanna beo  
le cótaí folamha  
ar lorg eolas na colainne  
eolas na meanman  
ar lorg gach ar cailleadh

### **Éarlais**

D'fhág siad éarlais aige  
ar rud a d'fhéadfadh gan a bheith ann  
is níor fhill siad á iarraidh

rud a bhorr faoi sholas  
gréine is gealaí  
idir gháire is ghol  
san idir eatarthu

ag líonadh na cruinne  
gan chuimse  
atá lastall  
den urlabhra